CINNEADH (AE) 2022/2490 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Nollaig 2022

lena n-údaraítear don Choimisiún Eorpach agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Cuimsitheach idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Táidsíceastáine, den pháirt eile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2), Airteagal 207 agus Airteagal 209, i gcomhar le hAirteagal 218(3) agus (4) de,

Ag féachaint don mholadh comhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ba cheart tús a chur leis an gcaibidlíocht d'fhonn Comhaontú Cuimsitheach a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Táidsíceastáine, den pháirt eile ("an Comhaontú").

(2) Tá an Comhaontú le cur in ionad an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair lena mbunaítear comhpháirtíocht idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Táidsíceastáine, den pháirt eile ([1]),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, údaraítear don Choimisiún agus d'Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le Comhaontú Cuimsitheach idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Táidsíceastáine, den pháirt eile ("an Comhaontú").

2. Seolfar an chaibidlíocht ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ón gComhairle a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Is é an Coimisiún a bheidh ina cheannaire ar fhoireann chaibidlíochta an Aontais.

Airteagal 3

Seolfar an chaibidlíocht i gcomhairle le Meitheal na Comhairle um Oirthear na hEorpa agus Lár na hÁise.

Seolfar an chaibidlíocht maidir leis na codanna den Chomhaontú a bhaineann le trádáil i gcomhairle leis an gCoiste um an mBeartas Trádála.

([1]) IO L 350, 29.12.2009, lch. 3.

Airteagal 4

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig an Ardionadaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
V. RAKUŠAN